Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Plean maidir le Forbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta II

## Na teicneolaíochtaí cearta fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta, sna háiteanna cearta

Cuir Do Thuairimí In Iúl - Comhairliúchán Poiblí
ón 24 Feabhra go dtí an 20 Aibreán 2023



# Cad agus Cén Fáth


**Tá OREDP II ar cheann amháin de na bunchlocha is tábhachtaí i dtreo an Chórais Mharthanaigh Stát-treoraithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta.**

**Tá an Rialtas ag forbairt an dara Plean maidir le Forbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta (OREDP II) – straitéis spáis náisiúnta nua na hÉireann dár dtodhchaí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta.**

Beidh OREDP II ina chreat ardleibhéil le haghaidh forbairt fhadtéarmach, inbhuanaithe agus phleanáilte a dhéanamh ar na hollacmhainní fuinnimh inathnuaite gaoithe, tonnta agus taoide atá ag Éirinn.

Tá céimeanna tábhachtacha eile i gceist leis an gCóras Marthanach a fhorbairt, amhail an Beartas maidir le Hidrigin, an Beartas maidir le hIdirnascairí, agus an Mheasúnacht Eacnamaíoch. Tá gach ceann de na nithe sin á bhforbairt faoi láthair.

**Tá ríthábhacht ag baint le OREDP II maidir leis na nithe seo a leanas:**




Teastaíonn fuinneamh uainn go léir chun ár gcuid tithe, oifigí, scoileanna, monarchana, feithiclí, ospidéal, etc., a chumhachtú.

Beidh ríthábhacht ag baint le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta maidir lenár soláthar fuinnimh a bhunathrú le fuinneamh glan glas chun a chinntiú go mbainfimid astaíochtaí carbóin glan-nialasacha amach faoin mbliain 2050.

Is an-mhór atá limistéar muirí na hÉireann: i roinnt áiteanna, tá sé suas le 370 km ar shiúl ón líne chladaigh.

Chun teacht ar na limistéir is oiriúnaí d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, is gá dúinn breithniú a dhéanamh freisin ar an dóigh a bhféadfadh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta idirghníomhú le húsáidí muirí eile agus leis an mbithéagsúlacht.

Leagfar amach in OREDP II creat le haghaidh cén áit a bhforbrófar fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta sa todhchaí, mar chuid den Chóras Marthanach.




Is é an **Córas Marthanach** ár bhfís fhadtéarmach d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta in Éirinn. Cinnteoidh an Stát go ngnóthóidh gach duine na tairbhí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a bhaineann le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Áirítear leis sin OREDP II a úsáid chun na teicneolaíochtaí cearta fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a roghnú lena n-úsáid sna háiteanna cearta.

# Conas agus Cén Uair

## Mórlimistéir Leasa

**Chun ár ngealltanais fuinnimh agus aeráide a chomhlíonadh, ní mór dúinn sainaithint a dhéanamh ar na limistéir dár bhfarraigí atá ar na limistéir is oiriúnaí d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Is é a bheidh i gceist leis sin dul i gcomhairle le pobail agus geallsealbhóirí chun a chinntiú go mbeidh an fhianaise agus an fhaisnéis cheart ar fad ar fáil dúinn.**

Leagtar amach sa dréachtleagan de OREDP II na critéir a bheartaítear a úsáid chun na limistéir thosaigh sin a shainaithint, ar a dtugtar Mórlimistéir Leasa. Cinnteoidh sé sin go bpleanálfaimid chun na teicneolaíochtaí cearta a úsáid sna háiteanna cearta.

> Is ionann na Mórlimistéir Leasa agus limistéir de spás muirí na hÉireann a sainaithníodh a bheith oiriúnach, ón taobh teicniúil de, d'fhorbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta mar chuid den mheasúnacht a rinneadh do OREDP II.

Agus ár gcur chuige pleantreoraithe á moladh againn, bhreithníomar an cur chuige a ghlac tíortha eile chun a shainaithint cén áit ar cheart bonneagar fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a thógáil.

**Conas a shainaithneoimid na Mórlimistéir Leasa thosaigh ina bhforbrófar bonneagar fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta sa todhchaí?**

- **Anailís fhairsing ar shonraí**
- **Cinnteoireacht fhianaisebhunaithe**
- **Comhairliúchán le príomh-gheallsealbhóirí**
- **Comhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht phoiblí**
- **Deiseanna a shainaithint le haghaidh an spás muirí a chomhroinnt**
- **Íogaireachtaí comhshaoil a bhreithniú**


Tar éis tuilleadh anailíse a dhéanamh, beachtófar na Mórlimistéir Leasa ina limistéir gheografacha níos lú sula n-ainmneofar go foirmiúil iad le haghaidh forbairtí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta sa todhchaí.

Beidh comhairliúchán le geallsealbhóirí i gceist leis an anailís sin. Is féidir go mbeidh measúnachtaí timpeallachta nó eacnamaíocha i gceist léi freisin.

Chun na limistéir sin a ainmniú go foirmiúil le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, beidh sé riachtanach Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe a fhorbairt. Is pleananna spáis reachtúla réigiúnacha le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a bheidh sna pleananna sin.

> Tá Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe ina bpleananna reachtúla faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021. Féadfar Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe a mholadh do gach earnáil mhuirí nó do limistéir gheografacha shainithe. Déanfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a mholadh i limistéir ar leith, bunaithe ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil. Is ar OREDP II a bheidh na Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe don Chóras Marthanach bunaithe. Úsáidfear na Pleananna sin mar bhonn do chinntí pleanála amach anseo. Beidh siad faoi réir measúnacht timpeallachta agus beidh ról ag an bpobal maidir lena n-ullmhú.

## An tAistear i dTreo an Chórais Mharthanaigh



# Conas is Féidir Leat Ról a Imirt

**Tá rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na saoránach sa chinnteoireacht mar chuid dhílis de bhunathrú fuinnimh agus aeráide na hÉireann.**

Forbraíodh an dréachtleagan de OREDP II i gcomhar le príomh-gheallsealbhóirí, lenar áiríodh ionadaithe don earnáil iascaireachta, don lucht léinn, d'fhorbróirí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta agus don earnáil comhshaoil, mar aon lena lán geallsealbhóirí eile.

Táimid ag iarraidh d'ionchur maidir leis an dréachtleagan de OREDP II agus na tuarascálacha timpeallachta a ghabhann leis a fháil anois tríd an gcomhairliúchán poiblí seo, a bheidh ar siúl ón 24 Feabhra go dtí an 20 Aibreán 2023.

Tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin chun an dréachtleagan de OREDP II a léamh agus chun suirbhé gearr a chomhlánú chun d'aiseolas a thabhairt don chomhairliúchán.

Mar aon le haiseolas a bhailiú ar an dréachtleagan de OREDP II, samhlaítear freisin go dtabharfaidh torthaí an chomhairliúcháin phoiblí léargas ar na dearcthaí atá ann ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta i leith fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta.

Chun faisnéis iomlán a fháil faoin gcomhairliúchán agus chun do thuairimí a chur in iúl faoina bhfuil i ndán d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta in Éirinn, téigh chuig **gov.ie/OffshoreEnergyPlan**

SCAN MISE

**Is féidir leat na nithe seo a leanas a rochtain ar ár suíomh Gréasáin:**

- **An dréachtleagan de OREDP II**
- **An dréacht-Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta**
- **Uirlis Dhigiteach na dréacht-Mheasúnachta Straitéisí Timpeallachta – léirshamhlú soláimhsithe ar an dréacht-Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta**
- **Dréacht-Ráiteas Tionchair Natura**
- **An Suirbhé Comhairliúcháin**
- **Mionsonraí faoi gach imeacht comhairliúcháin agus gach gníomhaíocht for-rochtana agus faoi conas clárú dóibh**

**Treoir maidir le OREDP II**

| | |
|---|---|
| **1** | **Achoimre Fheidhmeach** |
| **2** | **Réamhrá** - Tugtar tús eolais anseo ar an dréachtleagan de OREDP II |
| **3** | **Pleanáil Spáis Mhuirí agus OREDP II** – Leagtar amach anseo conas a nascann an dréachtleagan de OREDP II le beartais phleanála muirí, mar aon le príomhphrionsabail an dréachtleagain de OREDP II |
| **4** | **An Comhthéacs Beartais Náisiúnta agus Eorpach** - Tugtar forbhreathnú anseo ar na beartais a rinne difear don dréachtleagan de OREDP II agus ar conas atá sé ag teacht le cuspóirí reatha an rialtais agus lena spriocanna fuinnimh agus aeráide |
| **5** | **Forbhreathnú ar chineálacha cur chuige i ndlínsí eile** – Déantar comparáid anseo idir na cineálacha cur chuige i leith pleanáil le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta i dtíortha eile |
| **6** | **An cur chuige i leith OREDP II** – Leagtar amach anseo an cur chuige foriomlán i leith an dréachtleagan de OREDP II a fhorbairt |
| **7** | **Measúnacht Sonraí** – Leagtar amach anseo an próiseas athbhreithnithe sonraí, lena n-áirítear na critéir a úsáideadh chun a chinneadh cé na sonraí ba cheart a chur ar áireamh sa mheasúnacht ar Limistéar Muirí na hÉireann |
| **8** | **Measúnacht OREDP II** – Leagtar amach anseo conas a measúnaíodh Limistéar Muirí na hÉireann, lena n-áirítear léarscáileanna ar a léirítear na haschuir a tháinig as anailís ilchritéir |
| **9** | **An Acmhainneacht Theicniúil Fuinnimh Acmhainne** – Cuirtear i láthair anseo an acmhainneacht theicniúil le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta i limistéar muirí na hÉireann |
| **10** | **Measúnachtaí Timpeallachta** – Tugtar forbhreathnú anseo ar na próisis mheasúnachta comhshaoil ar tugadh fúthu agus ar conas a thug siad bonn eolais faoi fhorbairt an dréachtleagain de OREDP II |
| **11** | **Mórlimistéir Leasa** – Tugtar forbhreathnú anseo ar an gcur chuige beartaithe i leith na Mórlimistéir Leasa thosaigh le haghaidh fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta a shainaithint, atá le measúnú go mion ar scála réigiúnach |
| **12** | **OREDP II a Ghlacadh agus a Chur Chun Feidhme** – Leagtar amach anseo conas a dhéanfar OREDP II a chur chun feidhme, a athrú chun dáta agus a rialú as seo amach |
| **13** | **Conclúidí** – Leagtar amach anseo na bearta atá le déanamh tar éis OREDP II a thabhairt chun críche |

# A bhFUIL I nDÁN D'FHUINNEAMH INATHNUAITE AMACH ÓN gCÓSTA IN ÉIRINN

*OREDP II AR SRACFHÉACHAINT*

## CUIR DO THUAIRIMÍ IN IÚL – Comhairliúchán Poiblí ón 24 Feabhra go dtí an 20 Aibreán 2023

**Is é an dara Plean maidir le Forbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta (OREDP II) an straitéis spáis náisiúnta nua dá bhfuil i ndán d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta in Éirinn, agus é mar aidhm leis a chinntiú go bhforbróimid na teicneolaíochtaí cearta fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta sna háiteanna cearta.**

## An Plean Gnímh don Aeráid ó Éirinn:

- Iarrtar go bhforbrófaí **OREDP II**
- Féachtar le táirgeadh **fuinnimh inathnuaite** a mhéadú
- Féachtar le **hastaíochtaí a laghdú**

## Tá OREDP II ar cheann amháin de na bunchlocha is tábhachtaí i dtreo ár gCórais Mharthanaigh Stát-treoraithe:

- Freastal ar ár n-éilimh fuinnimh amach anseo
- Ár ngeilleagar agus ár dtionscal a bhunathrú chun feabhais
- Astaíochtaí glan-nialasacha carbóin a bhaint amach
- Ár gcomhshaol a chosaint
- Úsáid chomhroinnte a bhaint as ár bhfarraige

Tá céimeanna tábhachtacha eile i dtreo Córas Marthanach na hÉireann a fhorbairt ar siúl, lena n-áirítear:

- Beartas maidir le Hidrigin
- Beartas maidir le hIdirnascairí
- Measúnacht Eacnamaíoch

## Amlíne go dtí Seo

**2014**
Foilsíodh OREDP I

**2021**
An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí, an Ráiteas Beartais maidir leis an gCreat le haghaidh Chóras Tarchurtha Leictreachais Amach ó Chósta na hÉireann

Cuireadh tús le OREDP I a athrú chun dáta

An Plean Gnímh don Aeráid

**2023**
An Comhairliúchán ar an Dréachtleagan de OREDP II

Samhradh 2023 – an leagan deiridh de OREDP II

TÁIMID ANSEO

## Critéir a bheartaítear chun Mórlimistéir Leasa a shainaithint

- Méid na hacmhainneachta le haghaidh bonneagar snámhach gaoithe
- Doimhneacht an uisce
- Méid na faisnéise áitiúla atá ar fáil
- Leibhéal an éilimh baile agus thionsclaíoch áitiúil ar fhuinneamh
- An fháil ar bhonneagar áitiúil, amhail calafoirt, chun tacú le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta
- Gaireacht na n-idirnascairí atá ann cheana nó atá beartaithe

## Cur chun feidhme

- Tréimhse athbhreithnithe shainithe (gach 5 bliana ar a laghad)
- An bonn fianaise a athrú chun dáta go leanúnach
- Struchtúr rialachais láidir
- Cur chuige oiriúnaitheach i leith bainistiú

## Na teicneolaíochtaí giniúna fuinnimh a chumhdaítear

- Bonneagar fosaithe gaoithe amach ón gcósta
- Bonneagar snámhach gaoithe amach ón gcósta
- Fuinneamh tonnta
- Fuinneamh taoide

## Forbraíodh an plean i gcomhar le geallsealbhóirí, lenar áiríodh:

- **An Earnáil Comhshaoil**
- **An Lucht Iascaigh**
- **An Lucht Léinn**
- **An Tionscal**
- **An Rialtas**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Na Chéad Chéimeanna Eile

Na haighneachtaí uile a gheofar i leith an chomhairliúcháin phoiblí a anailísiú agus a bhreithniú

OREDP II agus na tuarascálacha timpeallachta gaolmhara a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú

Na Mórlimistéir Leasa thosaigh a shainaithint agus a mheasúnú

Na Mórlimistéir Leasa thosaigh a bheachtú

Tograí le haghaidh Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe agus Ráiteas Rannpháirtíochta Poiblí a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta lena gceadú

Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe a fhorbairt i gcomhar le geallsealbhóirí agus leis an bpobal




SCAN MISE

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**Mionsonraí teagmhála**

**Ríomhphost:** OffshoreEnergyConsultation@decc.gov.ie

**Fón:** (01) 678 2000

**Suíomh Gréasáin:** gov.ie/OffshoreEnergyPlan

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte